



PREASEISIÚINT Uimh. 179/23

Lucsamburg, 23 Samhain 2023

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCásanna Uamtha C-29/22 P agus C-44/22 P | KS agus KD v an Chomhairle agus Eile

Abhcóide Ginearálta Ápeta: Féadfaidh daoine aonair caingean a thionscnamh i leith damáistí i gcoinne an Aontais os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh bunaithe ar sháruithe líomhnaithe ar chearta bunúsacha ag bearta Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais

Chaill beirt daoine aonair baill teaghlaigh in 1999 i ndiaidh na coinbhleachta sa Chosaiv. D'fhan na dúnmharuithe agus na daoine a chuaigh ar iarraidh gan réiteach. In 2008, bhunaigh an tAontas Eorpach misean sibhialtach, Misean Smachta Reachta AE sa Chosaiv (Eulex Kosovo), a raibh imscrúdú ar choireanna den sórt sin i measc a chúraimí.

Mheas an bheirt nár imscrúdaigh Eulex Kosovo na coireanna a bhain lena mbaill teaghlaigh i gceart. Mar thoradh air sin, mhaígh siad gur sáraíodh a gchearta bunúsacha. Rinne siad caingean maidir le damáistí a thionscnamh ag lorg cúitimh os comhair Chúirt Ghinearálta AE. Dhíbh an Chúirt Ghinearálta a gcaingean, ag rá nach raibh dlínse aici an cás a éisteacht. Rinne na daoine aonair agus Coimisiún an Aontais achomharc i gcoinne chinneadh na Cúirte Ginearálta.

In éineacht le Cás C-351/22 *Neves 77 Solutions*, inar thug an tAbhcóide Ginearálta Ápeta a Tuairim uaidh inniu freisin (féach Preaseisiúint Uimh. 180/23), ardaíonn na cásanna uamtha seo ceisteanna tábhachtacha maidir le teorainneacha dhlínse Chúirteanna an Aontais Eorpaigh i réimse an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) a leagtar amach sna Conarthaí.

Ina Tuairim, chinn an tAbhcóide Ginearálta Tamara Ápeta nach gcuireann dlí an Aontais teorainn le dlínse Chúirteanna an Aontais chun caingean a éisteacht i leith damáistí arna dtionscnamh ag daoine aonair bunaithe ar shárú líomhnaithe ar chearta bunúsacha de bharr aon chineál birt CBES.

Tagann léiriú den sórt sin ó phrionsabail bhunreachtúla dhlíchóras an Aontais, go príomha an smacht reachta lena n-áirítear an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil agus an prionsabal lena gceanglaítear urraim do chearta bunúsacha i mbeartais uile an Aontais. Is ar bhonn eisceachtúil amháin gur féidir ról bunreachtúil Chúirteanna an Aontais a leanann as na prionsabail sin a theorannú. Ní féidir sárú ar chearta bunúsacha a bheith ina rogha pholaitiúil san Aontas Eorpach, agus ní mór dlínse a bheith ag Cúirteanna AE chun a áirithiú nach dtrasnaíonn cinntí CBES “línte dearga” arna leagadh síos ag cearta bunúsacha.

Molann Abhcóide Ginearálta Ápeta, dá bhrí sin, gur cheart don Chúirt Ghinearálta a chinneadh go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid dlí nuair a chinn sí nach raibh dlínse aici an chaingean i leith damáistí a éisteacht.

NÓTA: Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina ceangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Tá sé de chúram ar na hAbhcóidí Ginearálta, ar bhealach go hiomlán neamhspleách, réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt Bhreithiúnais ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu. Faoi láthair, tá breithiúna na Cúirte Breithiúnais ag cur tús leis an bplé ar an gcás seo. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

NÓTA: D'fheadfaí achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú na Cúirte Ginearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní. I gcás ina bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid í féin. I gcás nach bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, tarchuirfidh sí an cas ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna thabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) na tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!

